

FAIREACHAS ECDC

Faireachas agus monatóireacht eitinne san Eoraip

2012
Achoimre

Is í seo an ceathrú tuarascáil á seoladh ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS (EDS/An Eoraip) agus an 15^ú tuarascáil faoin tionscadal EuroTB, a bunaíodh i 1996.

Réigiún Eorpach an EDS

Mar a bhí sna blianta roimhe seo, tá léargas measctha eipidéimeolaíochta le feiceáil ón bhfaireachas eitinne i measc na mBallstát i Réigiún Eorpach an EDS. Tá rátaí níos airde tuairiscithe ag Ballstáit an oirthir i gcomparáid leo siúd san iarthar. Cé nach gcuimsíonn an Réigiún ach 4.7% de chásanna eitinne nua-bhraite agus athiompairthe ar domhan, tuairiscíodh 309 648 cás nua eitinne (34.0 in aghaidh gach 100 000 den daonra) as 418 000 (raon 355 000-496 000) cás measta (47 cás in aghaidh gach 100 000 den daonra (raon 40–55), agus cothaíodh ardráta braite cás de chuid 74% (raon 63–87%). Léiríonn sé sin go bhfuil na tíortha i Réigiún Eorpach an EDS chun tosaigh i ndáil lena mbainistíocht ar ghnáthchóras faireachais fíor-íogair. Meastar gur bhásaigh os cionn 60 000 (40 000–90 000) duine sa Réigiún de dheasca na heitinne, ag léiriú 16.7 cás in aghaidh gach 100 000 den daonra (raon 4.4-10.0).

Tá laghdú ag teacht ar líon na dtuairiscithe eitinne ó 2005 i leith, rud a léiríonn go soiléir teagmhas eitinne níos ísle. Dearbhaítear an fhorbairt dhearfach seo sa laghdú ar líon na dtuairiscithe i dtéarmaí na bpríomhghrúpaí othar, cosúil le heipeasóidí nua-bhraite atá deimhnithe sa tsaotharlann agus cásanna ar cuireadh cóir leighis orthu cheana féin.

Ainneoin an fhorbairt spreagthach seo, bhí na rátaí tuairiscithe i ndáil le cásanna eitinne nua-bhraite agus athiompairthe sa 18 Tír Ard-Tosaíochta (HPC), iad uile ón gcuid lárnach agus thoir den Réigiún, fós nach mór ocht n-uaire níos airde (68.5 in aghaidh gach 100 000 den daonra) ná mar a bhí sa chuid eile den Réigiún (8.4 in aghaidh gach 100 000) agus dhá oiread chomh hard leis an meán réigiúnach (34.0 in aghaidh gach 100 000 den daonra).

Bhí dearbhú saothráin na gcásanna eitinne scamhógach nua-bhraite an-íseal i measc tíortha neamh-AE/LEE (38.0%) i gcomparáid le tíortha AE/LEE (65.6%). Táthar tar éis modhanna nua

diagnóise eitinne thabhairt isteach le déanaí i roinnt tíortha laistigh den Réigiún ach níor bailíodh sonraí ó na tíortha píolótacha sin don bhliain 2010.

Le linn na tréimshe 2006–2010, tháinig laghdú de chuid 10% ó 7.0 go 6.3 cás in aghaidh gach 100 000 den daonra ar na treochtaí ar fud an réigiúin i ndáil le foriomlán na rátaí tuairiscithe eitinne i leanaí. Ar an taobh eile, i 10 dtír in iarthar an Réigiúin, tá os cionn leath na leanaí le heitinn orthu faoi bhun chúig bliana d'aois. Tá géarghá le diagnóis leordhóthanach agus tráthúil a chinntiú, agus le taifeadadh agus tuairisciú cruinn na heitinne i measc leanaí ar fud an Réigiúin.

Bhí formhór na ndaoine a tuairiscíodh le comh-ionfhabhtú eitinne-VEID (85.6%) sa chuid thoir den Réigiún agus tháinig méadú ar chéatadán an VEID i measc cásanna eitinne tuairiscithe ar fud an réigiúin ó 3.4% in 2008 go 5.5% in 2010, arbh ionann é agus thart ar 16 000 cás. De dheasca an ardaithe sin i gcomh-ionfhabhtú eitinne-VEID caithfear an comhoibriú idir chlár rialaithe eitinne agus VEID/SEIF a neartú.

In 2010, don chéad uair riamh, thuairiscigh gach tír sa Réigiún ar thorthaí tástála so-ghabháltachta na ndrugaí frith-eitinne chéad líne. Mar sin féin, laghdaíonn comhláine agus iontaofacht na sonraí sin ón iarthar go dtí an oirthear. B'ionann leitheadúlacht na heitinne atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí (eitinn MDR) i measc na gcásanna eitinne nua sa Réigiún agus 13.7% in 2010, méadú beag ar an mbliain 2009 (12%). Mhéadaigh an eitinn MDR freisin i measc na n-othar a cuireadh cóir leighis orthu cheana féin go 48.7% in 2010 i gcomparáid le 47% in 2008. Thuairiscigh an Réigiún os cionn 29 000 othar eitinne MDR. Ní dhéanann na sonraí ar eitinn atá thar a bheith frithsheasmhach in aghaidh drugaí (Eitinn XDR) ionadaíocht go fóill ar an staid iarbhir de thoradh nach leor an cumhdach um thástáil so-ghabháltachta drugaí dara líne atá ar fáil.

Le cúig bliana anuas lean an laghdú ar rátaí ratha na cóireála i measc cásanna nua agus cásanna ar cuireadh cóir leighis ar fáil ina leith roimhe sin, ag titim ó 72.5% agus 50% in 2005 go 68.7% agus 47.6% in 2010, faoi seach. B'ionann an ráta ratha cóireála i measc na n-othar eitinne MDR agus 56.3%. D'fhéadfadh go léiríonn rath íseal cóireála na n-othar a cuireadh cóir leighis orthu roimhe seo ardráta eitinne MDR i measc na n-othar sin agus éifeachtúlacht íseal i ndáil leis na réimeanna cóireála reatha a úsáidtear do na hothair sin. Cuireann na fíricí sin bonn agus taca faoin tábhacht a ghabhann le luath-bhrath na heitinne atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí agus an gá ata le tástáil so-ghabháltachta drugaí céad líne a fheabhsú san 18 Tír Ard-Tosaíochta.

Tá sciar ard d'othair a chailltear tríd an bpróiseas leantach (mainnitheoirí, aistrithe amach agus anaithnid) le 11%, 17% agus 22% díobh gur othair nua eitinne scamhógach deimhnithe sa tsaotharlann, othair cóireáilte roimhe seo agus othair eitinne MDR iad, faoi seach. Cé go bhfuil roinnt taighde déanta sa Réigiún, caithfear iniúchadh breise a dhéanamh ar an bhfeiniméan seo le cinneadh a dhéanamh ar céard iad na tosca bunúsacha agus bearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu.

Mar chonclúid, in ainneoin laghdú ar an teagmhas eitinne, tá an eitinn atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí ina cúis mhór imní. Tá géarghá le haghaidh a thabhairt ar chúiseanna fréimhe eascartha agus tarchuir na heitinne atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí. Ba cheart é sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar na laigí sna córais sláinte náisiúnta agus ar dheitéarmanaint shóisialta na heitinne i ngach tír. Caithfear luath-bhrath na heitinne, go háirithe i ndáil le heitinn atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí, agus cóireáil leordhóthanach le seirbhísí atá cairdiúil d'othair a chinntiú ar fud an Réigiúin.

Mar fhreagra ar an bhfadhb shuntasach a ghabhann le heitinn MDR, tá gach ceann den 53 Ballstáit tar éis tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Comhdhlúite um Chosc agus Chomharc na hEitinne M/XDR i Réigiún Eorpach an EDS 2011–2015, agus a réiteach tionlacain EUR/RC61/R7 den 61ú seisiún de Choiste Réigiúnach na hEorpa an EDS. Cuimsítear tacar gníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta seo a chuirfidh na tíortha, an EDS agus na páirtithe leasmhara i bhfeidhm d'fhonn rochtain uilíoch ar chosc agus ar chóireáil na heitinne M/XDR a bhaint amach. Tá sé rithábachtach go dtiocfaidh gach tír, an EDS agus gach comhpháirtí teicniúil le chéile agus a chinntiú go bhfuil an Plean á chur chun feidhme. Ó 2013 ar aghaidh, d'fhéadfadh go n-úsáidfí comhthuarascáil ECDC-EDS/An Eoraip nó meicníocht dá leithéid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an fhorfheidhmithe ar an bPlean Gníomhaíochta agus ar Dhearbhú Bheirlín. Chun na críche sin, forbraíodh creat monatóireachta sainiúil don dá ghealltanas suntasach réigiúnach sin. Tá siad comhlántach lena chéile agus le Creat Gníomhaíochta an ECDC.

Tíortha an Aontais Eorpaigh agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch

I mbliana tairgíodh an chéad tuarascáil faireachais agus monatóireachta don AE/LEE, ag cur forbhreathnú ar fáil ar an staid eipidéimeolaíochta agus ar an dul chun cinn i ndáil le cosc agus rialú na heitinne san AE/LEE. Tá achoimre thíos ar na príomhchinntí agus príomhchonclúidí faireachais, agus ina dhiaidh sin na príomhchonclúidí agus príomh-mholtaí monatóireachta.

In 2010, tuairiscíodh 73 996 cás eitinne sa 27 Ballstáit, san Íoslainn agus san Iorua. I gcomparáid leis an mbliain 2009, bhí titim 5 685 cás (7%) ar líon iomlán na gcásanna, méid a bhí níos mó ná an méid in aon cheann de na trí bliana roimhe sin. B'ionann 14.6 in aghaidh gach 100 000 den daonra an ráta tuairiscithe foriomlán in 2010, laghdú 8% ó 15.8 in 2009, ag leanúint ar aghaidh le treocht an laghdaithe a tugadh faoi deara sna blianta roimhe sin.

Ón 73 996 cás eitinne a tuairiscíodh, cásanna nua agus neamhchóireáilte ba ea 58 435 (79%) díobh, cásanna ar cuireadh cóir leighis orthu cheana féin ba ea 9 561 (13%) díobh agus bhí stádas anaithnide cóireála eitinne ag baint le 6 000 cás (8%). I ndáil le cásanna eitinne scamhógach, cásanna nua ba ea 44 494 (77%) díobh ón iomlán den 57 661 cás a tuairiscíodh sa bhliain 2010. Uathu sin deimhníodh 29 169 (66%) cás trí dhearbhu saothráin.

Meán-aois na gcásanna eitinne a tuairiscíodh in 2010 ba ea 45 bliain, figiúr a d'fhan cobhsaí ón mbliain 2001. I measc na gcásanna eitinne nua a tuairiscíodh, tharla formhór díobh sna haoisghrúpaí 25-44 agus 45-64 bliana agus nuair a cuireadh lena chéile iad b'ionann é agus 60% de na cásanna sin.

Sna blianta 2006 go 2010, d'fhan an ráta tuairiscithe eitinne atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí (eitinn MDR) cobhsaí ag 0.3 in aghaidh gach 100 000, le 1 447 cás á dtuairisciú. I measc an 819 cás eitinne MDR le torthaí tástála so-ghabháltachta drugaí (DST) i ndáil le drugaí dara líne, tuairiscíodh go raibh 108 cás (13.2%) thar a bheith frithsheasmhach in aghaidh drugaí (Eitinn XDR).

Ba é 79% (22 010 cás) ráta ratha na cóireála i ndáil leis an 27 922 cás nua d'eitinn scamhógach a deimhníodh trí dhearbhu saothráin sa bhliain 2009; bhásaigh 1 852 (7%) díobh, measadh gurbh teip chóireála a bhí i gceist le 581 (2%) díobh, cásanna mainneachtana ba ea 1 613 (6%) díobh, bhí cóir leighis á chur go fóill ar 602 (2%) díobh agus aistríodh 1 264 (5%) díobh nó ní fios cén toradh a bhí leo. Ón 1 244 cás eitinne MDR a tuairiscíodh in 2008, bhí toradh rathúil cóireála i gceist le 375 (30%) díobh ag 24 mhí, bhásaigh 242 (20%) díobh, measadh gurbh teip chóireála a bhí i gceist le 285 (23%) díobh, cásanna mainneachtana ba

ea 221 (18%) díobh, bhí cóir leighis á chur go fóill ar 103 (8%) díobh in 2010 agus aistríodh 18 (1%) díobh nó ní fios cén toradh a bhí leo.

Ar an iomlán, lean rátaí tuairiscithe na heitinne san AE/LEE ag laghdú in 2010, leis an titim is mó a bhaineann go sonrach le tír faoi leith ag tarlú sa chúig Thír Ard-Tosaíochta. Cé gur fhan rátaí tuairiscithe eitinne MDR cobhsaí le cúig bliana anuas, tháinig méadú ar chionmhaireacht na heitinne XDR idir an bhliain 2009 agus 2010, b'fhéidir de thoradh tuairisciú feabhsaithe.

Rianaíonn an bhliain 2010 an chéad bhliain i ndáil monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le díothú na heitinne san AE/LEE, chomh maith leis an dul chun i ndáil le hocht réimse den Chreat-Phlean Gníomhaíochta In Aghaidh na hEitinn san Aontas Eorpach a chur chun feidhme. D'fhéadfaí gach ceann den cheithre tháscaire eipidéimeolaíochta agus cúig cinn den ocht bpríomhtháscaire a thomhas agus a anailísiú.

Tá laghdú tagtha ar rátaí tuairiscithe na heitinne agus na heitinne MDR le cúig bliana anuas, go háirithe de thoradh an laghdaithe sheasta sna tíortha go bhfuil an galar coitianta iontu. Caithfear iarrachtaí a threisiú agus a chothú sna Ballstáit le laghdú leanúnach a chinntiú sna rátaí tuairiscithe ar mhaithe le díothú na heitinn san AE/LEE.

Tá méadú tagtha ar líon na dtíortha go bhfuil an sprioc 80% á bhaint amach acu i ndáil le dearbhuithe saothráin um chásanna nua eitinne scamhógach agus tástálacha so-ghabháltachta drugaí; mar sin féin, tá na leibhéil iomlána fós fo-optamach.

Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha agus tacaíocht spriocdhírthe chun feabhas a chur ar mhonatóireacht thorthaí cóireála ag Ballstáit agus chun cóireáil rathúil a chinntiú i ndáil le cásanna nua eitinne agus eitinne MDR a dheimhnítear trí dhearbhu saothráin. Cuireann cumhdach neamhiomlán i ndáil le torthaí cóireála san AE/LEE isteach a thuilleadh ar láidreachtaí agus ar dhúshláin an rialaithe eitinne agus eitinne MDR a aithint agus dá dhroim sin, cuirtear isteach ar an tacaíocht ar féidir a sholáthar do Bhallstáit chun an eipidéim a rialú a thuilleadh.

Ar an iomlán, is uirlis láidir í an obair leantach a ndearnadh ar an gCreat-Phlean Gníomhaíochta In Aghaidh na hEitinn sa Aontas Eorpach i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí an rialaithe eitinne ar fud an AE, as a thiochfaidh díothú na heitinne i ndeireadh na dála. Tá anailísí comhchoúla féideartha ar leibhéal Ballstáit ag baint leas as na sonraí faireachais a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.